# Cruth agus spás: Cruth – Moltaí don teagasc

## MEON TÁIRGIÚIL A CHOTHÚ

- Nasc an fhoghlaim le cásanna agus feidhmeanna fíorshaoil agus léirigh do na páistí conas is féidir le tuiscint ar chruthanna a bheith úsáideach i réimsí ar nós na hailtireachta, na hinnealtóireachta, na healaíne agus an dearaidh.
- Cuir deiseanna ar fáil do na páistí tabhairt faoi ghníomhaíochtaí praiticiúla, iniúchtaí agus tascanna oscailte, m.sh., *breathnú ar ghrianghraf ón spéir de dhéantús 3-T agus tóg struchtúir a d'fhéadfadh meaitseáil*, agus spreag iad le ceisteanna a chur, buillí faoi thuairim a thabhairt, agus cuir chuige éagsúla i leith réiteach fadhbanna a fhiosrú.
- Tacaigh le tuiscint níos doimhne ar chruth agus déan smaointe teibí níos nithiúla trí áiseanna amhairc, láimhseoga agus teicneolaíocht idirghníomhach a chomhtháthú.
- Spreag gníomhaíochtaí uile-scoile cosúil le conairí crutha, tóraíochtaí taisce, gnéithe a lipéadú, cuairteanna ó innealtóirí, taispeántais tionscadail srl.

## SPRAÍÚLACHT A SPREAGADH LEIS AN MATAMAITIC

- Spreag na páistí réimse láimhseog phraiticiúil, mar shampla, bloic phatrúin, tangraim, geochláir, agus cruthanna 3-T, a fhiosrú gan srian.
- Tabhair isteach cluichí agus puzail a bhaineann le cruthanna agus réasúnaíocht spásúil, m.sh., *biongó cruthanna, cluichí cuimhne, dúshláin tangraim, rásaí sealaíochta ina sórtáiltear cruthanna*.
- Bain leas as spásanna amuigh faoin aer le cruthanna a fhiosrú sa timpeallacht agus spreag na páistí le cruthanna céimseatúla a fheiceann siad sa nádúr nó san ailtireacht timpeall orthu a shainaithint agus a sceitseáil.
- Comhtháthaigh uirlisí agus aipeanna digiteacha a thugann deis do na páistí airíonna cruthanna a iniúchadh ar bhealaí cruthaitheacha, m.sh., *láimhseoga fíorúla, cluichí idirghníomhacha, agus bogearraí samhaltaithe*.

## TASCANNA ATÁ DÚSHLÁNACH GO COGNAÍOCH A ÚSÁID

- Iarr ar na páistí cruthanna céimseatúla a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht lena chéile bunaithe ar airíonna ar nós líon na dtaobhanna, uillinneacha, nó siméadracht, agus spreag iad lena gcomparáidí a chosaint.
- Comhtháthaigh matamaitic leis an ealaín trí iarraidh ar na páistí patrúin nó dearaí céimseatúla a chruthú ag baint úsáid as cruthanna, agus cuir dúshlán rompu meascán de chruthanna a úsáid le healaín atá tarraingteach go físiúil agus spéisiúil ó thaobh na matamaitice de a chruthú.
- Cuir cásanna fíorshaoil a mbaineann cruth leo i láthair do na páistí, m.sh., *dear gormchló do ghairdín scoile, nó cuir dúshlán rompu an cruth is fearr do choimeádán a bhfuil toirt faoi leith ann a fháil amach*.

## BÉIM A LEAGAN AR SHAMHALTÚ MATAMAITICIÚIL

- Comhtháthaigh fiosrú praiticiúil le cabhrú leis na páistí cruthanna agus caidrimh spásúla a shamhaltú agus a láimhsiú, agus cuir deiseanna ar fáil dóibh le samhlacha a dhearadh, a thógáil, a thriail agus a bheachtú ag baint úsáid as na hábhair seo.
- Cuir fadhbanna, puzail agus dúshláin oscailte i láthair na bpáistí a thacaíonn leo agus coincheapa agus straitéisí céimseatúla á gcur i bhfeidhm acu le teacht ar réitigh ag baint úsáid as réimse léirithe.
- Dear tascanna a ligean do na páistí a gcuid tuisceana ar chruth a chur i bhfeidhm ar chásanna, eispéiris agus comhthéacsanna fíorshaoil atá fiúntach do pháistí bunscoile, m.sh., *dearaí foirgneamh agus tí, bréagáin agus puzail, ealaín, an domhan nádúrtha, pacáistiú, marcanna páirceanna spóirt*.

## MATA-CHAINT A CHUR CHUN CINN

- Cuir ceisteanna oscailte ar na páistí a spreagann an smaointeoireacht chriticiúil agus a spreagann na páistí le stór focal a úsáid a dhéanann cur síos ar airíonna cruthanna, m.sh., *seachas an cheist "Cén cruth é seo?" a chur, cuir an cheist, "Conas atá a fhios agat gur cearnóg í an cruth seo?"*
- Spreag na páistí le smaoineamh go indibhidiúil maidir le fadhb a bhaineann le cruthanna, lena gcuid smaointe a phlé le páirtí, agus ansin a gcuid smaointe a roinnt leis an rang ar fad, chun deis a thabhairt do na páistí ar fad páirt a ghlacadh i bplé.
- Spreag an rang le dialanna matamaiticiúla a choimeád le taifead a choimeád ar a gcuid foghlama, breathnuithe, ceisteanna agus machnaimh, m.sh., *"inniu d'fhoghlaim mé trí bhealach le heangach ciúib a tharraingt"*, agus cuir nodanna nó treoircheisteanna ar fáil chun tacú leis an bplé maidir lena bhfoghlaim.

Arna fhorbairt i gcomhar le **Aaron Carroll, Múinteoir Bunscoile, Co. an Chláir**